23.2.2024 A9-0041/15

**Leasú 15**
**Anna Fotyga, Charlie Weimers**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris B a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***B a. de bhrí gur lagaigh an brú neamhfhreagrach agus neamhdhleathach teorainneacha a oscailt faoi bheartas Merkel 'Wir schaffen das! ('Is féidir linn é sin a dhéanamh) slándáil na hEorpa agus gur spreagadh tuilleadh an imirce a úsáid mar arm; de bhrí gur cheart do AE leanúint dá bheartas cabhrú le dídeanaithe sa réigiún, trí thacaíocht bhreise a thabhairt do thíortha comharsanachta; de bhrí gur cheart do thíortha Arabacha sa réigiún tacaíocht láidir a sholáthar;*** |

Or. en

**Leasú 16**
**Anna Fotyga**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris G**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| G. de bhrí go mbíonn an Tuirc, a bhfuil críocha i dtuaisceart na Siria ***á bhforghabháil*** aici, ag tabhairt go rialta faoi oibríochtaí míleata ar mhórscála ar chríoch na Siria go díreach agus trí sheachghrúpaí, ag díriú go háirithe ar limistéir atá i seilbh na gCoirdíneach; de bhrí gur ***sárú ar an dlí idirnáisiúnta*** iad idirghabhálacha míleata aontaobhacha na Tuirce in oirthuaisceart na Siria; de bhrí, i nDeireadh Fómhair 2023, gur vótáil Parlaimint na Tuirce chun síneadh dhá bhliain eile a chur leis an sainordú lena gceadaítear oibríochtaí míleata sa tSiria; de bhrí gur cheart don Tuirc deireadh a chur lena ***forghabháil neamhdhleathach*** ar thuaisceart na Siria agus a fórsaí míleata agus a seachfhórsaí paraimíleata a tharraingt siar; | G. ***de bhrí go bhfónann críoch na Siria mar thearmann sábháilte do ghrúpaí sceimhlitheoireachta atá ag pleanáil agus ag déanamh ionsaithe sceimhlitheoireachta i gcoinne na Tuirce, lena n-áirítear Páirtí Oibrithe na Cordastáine, atá liostaithe go hoifigiúil mar eagraíocht sceimhlitheoireachta ag AE***; de bhrí***, mar thoradh air sin,*** go dtéann an Tuirc, a ***fheidhmíonn smacht ar*** chríocha i dtuaisceart na Siria, go rialta i mbun oibríochtaí míleata ar mhórscála ar chríoch na Siria go díreach agus trí ionadaithe, ag díriú go háirithe ar limistéir atá i seilbh na gCoirdíneach ***ina bhfuil Páirtí Oibrithe na Cordastáine lonnaithe***;<br><br>de bhrí gurb ionann idirghabhálacha míleata aontaobhacha na Tuirce in oirthuaisceart na Siria agus ***a ceart chun féinchosanta***; de bhrí, i nDeireadh Fómhair 2023, gur vótáil Parlaimint na Tuirce chun síneadh dhá bhliain eile a chur leis an sainordú lena gceadaítear oibríochtaí míleata sa tSiria; de bhrí gur cheart don Tuirc ***féachaint le*** deireadh a chur lena ***oibríocht mhíleata*** i dtuaisceart na Siria agus a sheachfhórsaí míleata agus paraimíleata a tharraingt siar; |

Or. en

23.2.2024A9-0041/17

**Leasú 17**
**Anna Fotyga, Charlie Weimers**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris N a (nua)**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Na. de bhrí go ndearna réimeas na Siria, trí ghlanadh eitneach, feachtas brúidiúil chun comhdhéanamh déimeagrafach na tíre a athrú; de bhrí gurbh ionann Críostaithe sa tSiria agus thart ar 10 % de dhaonra na Siria roimh an gcogadh, arb ionann é agus 2.2 milliún duine san iomlán; de bhrí go raibh brúidiúlacht an chogaidh ina cúis le mórshiúl na gCríostaithe, ionas nach mbeidh ach thart ar 640000 duine fágtha anois; de bhrí, sa bhreis ar réimeas na Siria, go ndearna ISIS agus mílístí Ioslamacha eile géarleanúint ar Chríostaithe sa tír; de bhrí go bhfuil iarracht déanta ag réimeas Assad íomhá a chur chun cinn mar chosantóir saolta ar Chríostaithe sa tSiria, ach gur thuairiscigh an réimeas go ndearna sé eaglaisí a scriosadh d'aon ghnó agus na céadta saoránach Críostaí ar a laghad a choinneáil; de bhrí go ndearna an réimeas, le tacaíocht ghníomhach Chónaidhm na Rúise, Aleppo a chur faoi léigear agus a scriosadh go hiomlán, an chathair ina bhfuil an daonra Críostaí is mó sa tír; de bhrí gur rangaíodh an tír mar an 12ú háit ba dheacra ar domhan do dhuine a bheith ina Chríostaí;*** |

Or. en

23.2.2024A9-0041/18

**Leasú 18**
**Anna Fotyga, Charlie Weimers**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Aithris O**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| O. de bhrí, de réir Ghníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR), gur mhaith le formhór na ndídeanaithe ón tSiria filleadh ar an tSiria ach go bhfuil ábhair imní dhlisteanacha acu ó thaobh na slándála de; de bhrí go gciallaíonn sé sin, i gcás na staide reatha, gurb é an t-athlonnú agus na conairí comhlántacha an réiteach is inmharthana fós do dhídeanaithe ón tSiria; de bhrí gur chinn Coimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách Fiosrúcháin na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Arabach na Siria, sa tuarascáil is déanaí uaidh dar dáta mí Mheán Fómhair 2023, go raibh an éiginnteacht fós ann go forleathan i bhfad níos faide amach ó na línte tosaigh, rud a fhágann go bhfuil filleadh sábháilte dídeanaithe ón tSiria neamhdhealraitheach, agus gur tháinig sé ar an gconclúid thairis sin go raibh cásanna sonracha doiciméadaithe aige gur thug fórsaí slándála na Siria drochíde do dhídeanaithe Siriacha a bhí ag filleadh ó thíortha comharsanachta; | O. de bhrí, de réir Ghníomhaireacht Dídeanaithe na Náisiún Aontaithe (UNHCR), gur mhaith le formhór na ndídeanaithe ón tSiria filleadh ar an tSiria ach go bhfuil ábhair imní dhlisteanacha acu ó thaobh na slándála de; de bhrí go gciallaíonn sé sin, i gcás na staide reatha, gurb é an t-athlonnú agus na conairí comhlántacha an réiteach is inmharthana fós do dhídeanaithe ón tSiria; de bhrí gur chinn Coimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách Fiosrúcháin na Náisiún Aontaithe maidir le Poblacht Arabach na Siria, sa tuarascáil is déanaí uaidh dar dáta mí Mheán Fómhair 2023, go raibh an éiginnteacht fós ann go forleathan i bhfad níos faide amach ó na línte tosaigh, rud a fhágann go bhfuil filleadh sábháilte dídeanaithe ón tSiria neamhdhealraitheach, agus gur tháinig sé ar an gconclúid thairis sin go raibh cásanna sonracha doiciméadaithe aige gur thug fórsaí slándála na Siria drochíde do dhídeanaithe Siriacha a bhí ag filleadh ó thíortha comharsanachta; ***de bhrí gur iarr Uachtarán na Cipire ar AE codanna den tSiria a ainmniú mar thír shábháilte; de bhrí go bhfuil codanna den tír ainmnithe cheana féin ag an tSualainn agus ag an Danmhairg mar chodanna sábháilte;*** |

Or. en

**Leasú 19**
**Anna Fotyga**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe g**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (g) a chur in iúl gur saoth leo láithreacht leanúnach na gcéadta bunáiteanna Iaránacha, ***Turcacha*** agus Rúiseacha agus mílístí Iaránacha agus Rúiseacha ar chríoch na Siria; a chur in iúl gur cúis bhuartha dóibh dúshaothrú eacnamaíoch na tíre ag cumhachtaí eachtracha creachacha; ***ag cáineadh na n-ionsaithe agus na forghabhála*** a rinne fórsaí na Tuirce ar chríocha thuaisceart na Siria ***chomh maith leis*** an bhfeachtas míleata brúidiúil athnuaite atá á dhéanamh ag rialtas na Siria agus ag an Rúis in iarthuaisceart na Siria, lena n-áirítear ar thargaidí sibhialtacha; a chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dóibh go leanann freasúra Ioslamaíoch radacach de bheith i láthair i gcúige Idlib; ag tacú le coinneáil na comhghuaillíochta idirnáisiúnta i gcoinne ISIS, atá fós gníomhach sa tSiria in ainneoin treascairtí tábhachtacha; á iarraidh iarracht dhiongbháilte idirnáisiúnta a bheith ann chun leanúint dá comhrac i gcoinne ISIS sa tSiria go dtí go ndíothófar go hiomlán é; ***a mheabhrú gur sárú tromchúiseach ar an*** dlí idirnáisiúnta iad gníomhaíochtaí míleata aontaobhacha na Tuirce agus go bhfuil ***an bonn bainte de*** chobhsaíocht agus de shlándáil an réigiúin ina iomláine leo; deireadh a chur leis na líonraí jiohádacha atá i mbun feachtais sa | (g) a chur in iúl gur saoth leo láithreacht leanúnach na gcéadta bunáiteanna Iaránacha agus Rúiseacha agus mílístí Iaránacha agus Rúiseacha ar chríoch na Siria; a chur in iúl gur cúis bhuartha dóibh dúshaothrú eacnamaíoch na tíre ag cumhachtaí eachtracha creachacha; ***ag cur sonrú san oibríocht mhíleata*** a rinne fórsaí na Tuirce ***i gcoinne Pháirtí Oibrithe na Cordastáine*** i gcríocha na Siria sa tuaisceart; ***ag tabhairt dá haire gurb í an Tuirc an comhghuaillí d'ECAT is mó atá thíos leis an gcoinbhleacht sa tSiria, gur fhulaing sí na hionsaithe sceimhlitheoireachta is mó, go bhfuil na milliúin teifeach á n-óstáil aige agus go bhfuil teorainneacha aici leis an Iaráin, leis an Iaráic agus leis an tSiria, ceann de na tíortha is neamhdhaingne i gcomharsanacht an Aontais;*** g cáineadh an fheachtas mhíleata bhrúidiúil athnuaite atá á reáchtáil ag rialtas na Siria agus ag an Rúis in iarthuaisceart na Siria, lena n-áirítear maidir le spriocanna sibhialtacha; a chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dóibh go leanann freasúra Ioslamaíoch radacach de bheith i láthair i gcúige Idlib; ag tacú le coinneáil na comhghuaillíochta idirnáisiúnta i gcoinne ISIS, atá fós gníomhach sa tSiria in ainneoin treascairtí tábhachtacha; á iarraidh iarracht |

tSiria agus san Iaráic agus a mbaill a rianú agus a ionchúiseamh, a bhí i gceannas ar níos mó ná 5 000 trodaí eachtrach a ndearna siad radacú orthu, a d'earcaigh siad agus a thug siad isteach ón Eoraip; leanúint de thacaíocht a thabhairt don Chomhghuaillíocht Dhomhanda chun ISIS a Chomhrac i leith modhanna polaitiúla, airgeadais, oibríochtúla agus lóistíochta;

dhiongbháilte idirnáisiúnta a bheith ann chun leanúint dá comhrac i gcoinne ISIS sa tSiria go dtí go ndíothófar go hiomlán é; ***á aithint gur cheart d'oibríochtaí na Tuirce chun bagairtí trasna a teorann agus láithreacht mhíleata na Tuirce i gcríocha na Siria a chomhrac, ní hamháin ábhair imní slándála na Tuirce a chur i gcuntas, ach gur cheart iad a ailíniú freisin leis an*** dlí idirnáisiúnta agus ***le rúin ó na Náisiúin Aontaithe; ag tabhairt dá haire go bhféachtar leis na hoibríochtaí*** le cobhsaíocht agus slándáil an réigiúin ina iomláine a neartú; deireadh a chur leis na líonraí jiohádacha atá i mbun feachtais sa tSiria agus san Iaráic agus a mbaill a rianú agus a ionchúiseamh, a bhí i gceannas ar níos mó ná 5 000 trodaí eachtrach a ndearna siad radacú orthu, a d'earcaigh siad agus a thug siad isteach ón Eoraip; leanúint de thacaíocht a thabhairt don Chomhghuaillíocht Dhomhanda chun ISIS a Chomhrac i leith modhanna polaitiúla, airgeadais, oibríochtúla agus lóistíochta;

Or. en

23.2.2024A9-0041/20

**Leasú 20**
**Anna Fotyga, Charlie Weimers**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe i**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) ***ag tathant ar*** na Ballstáit ***leanúint d'aisdúichiú*** a náisiúnach atá sna campaí príosúin jiohádacha Al-Hol agus Roj a chur i gcrích agus ***iad a thriail***, i dtrialacha cothroma, as aon choir atá déanta acu; a chur in iúl gur cúis mhór imní di an staid dhaonnúil, shláintíoch agus slándála atá ag dul in olcas sna campaí in oirthuaisceart na Siria, go háirithe i gcampaí Al-Hol agus Roj, atá fós ina ngorlanna don radacú; á iarraidh ar na Ballstáit ***na leanaí*** Eorpacha ***uile*** a aisdúichiú***, agus tacaíocht leordhóthanach agus ath-lánpháirtiú a chur ar fáil dóibh; á iarraidh ar na Ballstáit aisdúichiú leanaí uile náisiúnaigh tríú tíortha a chur chun cinn i ngach caidreamh déthaobhach agus i ngach comhlacht idirnáisiúnta, agus an dlí idirnáisiúnta á urramú go hiomlán***; | (i) ***ag tabhairt dá haire gur faoi*** na Ballstáit atá sé a chinneadh a náisiúnaigh a aisdúichiú ó champaí príosúin jiohádacha Al-Hol agus Roj ***agus tacú lena dtrialacha thar lear***, i dtrialacha cothroma, i gcás aon choireanna a rinne siad; a chur in iúl gur cúis mhór imní di an staid dhaonnúil, shláintíoch agus slándála atá ag dul in olcas sna campaí in oirthuaisceart na Siria, go háirithe i gcampaí Al-Hol agus Roj, atá fós ina ngorlanna don radacú; ***ag diúltú don bhrú atá ar*** na Ballstáit ***saoránaigh*** Eorpacha ***atá sáinnithe i gcampaí príosúin jiohádacha sa tSiria a aisdúichiú, go háirithe ós rud é gur thaistil siad go toiliúil go dtí an tSiria chun dul isteach in ISIS***; ***á aithint gur cheart iad a thabhairt chun cuntais as a gcuid gníomhaíochtaí, lena n-áirítear a dtacaíocht d'eagraíochtaí sceimhlitheoireachta agus a rannpháirtíocht iontu;*** |

Or. en

23.2.2024A9-0041/21

**Leasú 21**
**Anna Fotyga, Charlie Weimers**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe k**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| (k) ag cáineadh lainseáil roicéad ag fórsaí na Siria ó chríoch na Siria i dtreo Iosrael agus Arda Golan atá á bhforghabháil ag Iosrael, agus ar sheoladh ***drón*** neamharmtha go tuaisceart Iosrael; ag cáineadh na n-iarrachtaí atá déanta arís agus arís ag Hezbollah airm a fháil ón Iaráin trí chríoch na Siria; ag cáineadh dhearcadh ceadaitheach réimeas Assad i leith Al-Qaeda agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile, go háirithe maidir le hiarrachtaí éascaithe i gcoinbhleacht na hIaráice, ós rud é gur chothaigh sé fás Al-Qaeda, ISIS, agus líonraí sceimhlitheoireachta cleamhnaithe laistigh den tSiria; | (k) ag cáineadh lainseáil roicéad ag fórsaí na Siria ***agus ag grúpaí sceimhlitheoireachta Palaistíneacha atá ag obair le Hezbollah*** ó chríoch na Siria i dtreo Iosrael agus Arda Golan atá á bhforghabháil ag Iosrael, agus ar sheoladh ***drón***neamharmtha go tuaisceart Iosrael; ag cáineadh na n-iarrachtaí atá déanta arís agus arís ag Hezbollah airm a fháil ón Iaráin trí chríoch na Siria; ag cáineadh dhearcadh ceadaitheach réimeas Assad i leith Al-Qaeda agus grúpaí sceimhlitheoireachta eile, go háirithe maidir le hiarrachtaí éascaithe i gcoinbhleacht na hIaráice, ós rud é gur chothaigh sé fás Al-Qaeda, ISIS, agus líonraí sceimhlitheoireachta cleamhnaithe laistigh den tSiria; |

Or. en

23.2.2024A9-0041/22

**Leasú 22**
**Anna Fotyga, Charlie Weimers**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe l**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| (l) á chur i bhfios go láidir go bhfuil cuid de chríoch na Siria in Arda Golan forgafa ag Iosrael ó 1967 i leith agus go bhfuil ionsaithe aeir agus cineálacha eile ionsaithe ar chríoch na Siria fós á seoladh ag arm Iosrael; | (l) á chur i bhfios go láidir go bhfuil cuid de chríoch na Siria in Arda Golan forgafa ag Iosrael ó 1967 i leith agus go bhfuil ionsaithe aeir agus cineálacha eile ionsaithe ar chríoch na Siria***, i ngníomhaíochtaí féinchosanta***, fós á seoladh ag arm Iosrael; |

Or. en

23.2.2024A9-0041/23

**Leasú 23**
**Anna Fotyga, Charlie Weimers**
thar ceann an Ghrúpa ECR

**Tuarascáil** **A9-0041/2024**
**Nathalie Loiseau**
Moladh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig SEGS maidir leis an staid sa tSiria
2023/2052(INI)

**Tairiscint i gcomhair rúin**
**Mír 1 – pointe r**

| *Tairiscint i gcomhair rúin* | *Leasú* |
|---|---|
| (r) a mheabhrú ***nach féidir*** a mheas gur ***tír*** shábháilte í an tSiria***, go hiomlán ná go páirteach,*** d'fhilleadh na náisiúnach Siriach ar dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn iad san Eoraip agus ar fud an domhain, ar daoine iad a theith ó choireanna an réimis ***agus*** a bheadh i mbaol céasta agus fuadach forfheidhmithe dá rachaidís ar ais chuig an tSiria; ***á athdhearbhú do thíortha óstacha, amhail an Tuirc, an Liobáin, an Iordáin, an Iaráic agus an Éigipt, nach tír shábháilte í an tSiria, go hiomlán ná go páirteach, agus nach féidir le náisiúnaigh na Siria filleadh go sábháilte uirthi dá bhrí sin; á chur i bhfáth nach mór do gach uile fhilleadh a bheith de thoil féin an duine agus a bheith faoi dhálaí dínite***; á chur i bhfáth gur theith roinnt Siriach ó eagraíochtaí sceimhlitheoireachta atá amhail ISIS ag feidhmiú sa tSiria; á chur i bhfáth go bhfuil limistéir sa tSiria ina bhfuil grúpaí jiohádacha agus mílístí foréigneacha fós gníomhach; ag tarraingt aird ar thionchar na coinbhleachta sa tSiria ar na 438 000 dídeanaí Palaistíneach a mheastar a bheith sa tír agus atá ag brath go príomha ar Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) dá | (r) á mheabhrú gur ***féidir*** a mheas go bhfuil ***codanna den***tSiria sábháilte chun náisiúnaigh de chuid na Siria atá ina gcónaí mar dhídeanaithe agus mar iarrthóirí tearmainn san Eoraip agus ar fud an domhain a chur ar ais***; ag tabhairt dá haire go bhfuil roinnt*** daoine a theith ó choireanna an réimis i mbaol céasadh agus fuadach forfheidhmithe má fhilleann siad ar ***limistéir atá faoi smacht an réimis sa*** tSiria; á chur i bhfáth gur theith roinnt Siriach ó eagraíochtaí sceimhlitheoireachta atá amhail ISIS ag feidhmiú sa tSiria; á chur i bhfáth go bhfuil limistéir sa tSiria ina bhfuil grúpaí jiohádacha agus mílístí foréigneacha fós gníomhach; ag tarraingt aird ar thionchar na coinbhleachta sa tSiria ar an 438 000 dídeanaí Palaistíneach a mheastar a bheith sa tír agus atá ag brath go príomha ar Ghníomhaireacht na Náisiún Aontaithe um Fhóirithint agus Oibreacha ar mhaithe le Dídeanaithe Palaistíneacha sa Neasoirthear (UNRWA) dá mbunriachtanais; |

mbunriachtanais; ***á chur in iúl gur cúis bhuartha dóibh staid airgeadais na Gníomhaireachta agus á iarraidh go gcuirfear dídeanaithe Palaistíneacha san áireamh ar bhealach níos fearr i bpleananna daonnúla an Aontais sa tSiria;***

Or. en